

Naisc le hAistear agus le Síolta

Aistear

Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh: Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais: Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta (lgh. 27-51)

Caighdeán Síolta

5: *Idirghníomhaíochtaí*, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5
Achoimre Thaighde nasctha leis an *gCaighdeán thuas*

An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

Cabhraíonn an **Uirlis Féinmheastóireachta** seo leat machnamh a dhéanamh ar do chuid idirghníomhaíochtaí mar chleachtóir aonair nó mar bhall d'fhoireann ag obair le **naíonáin agus lapadáin**.

1. Tá an uirlis seo roinnte ina **3 ghné**.

- Caidrimh a thógáil
- An fhoghlaim a éascú
- An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

2. Tá **sraith ráiteas le gach gné.** I gcás gach ráitis, roghnaigh an abairt i measc na n-abairtí seo a leanas is fearr a léiríonn do chleachtas reatha.

Riamh/Go hAnnabh	Is annabh a dhéanaim é seo.
Uaireanta	Déanaim é seo má chuimhním air/nuair a chuimhním air.
Go Rialta	Déanaim iarracht é seo a dhéanamh chomh minic agus is féidir liom.
Beagnach i gCónaí	Déanaim é seo an chuid is mó den am.

Tá bosca ar fáil chun nótaí a bhreacadh maidir leis na ráitis dá mba mhaith leat é sin a dhéanamh.

An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

3. Feicfidh tú **leideanna le haghaidh machnamh** tar éis gach gné. Agus tú ag déanamh machnamh orthu seo, smaoinigh ar do chleachtas — ar a ndéanann tú agus ar cén chaoi a ndéanann tú é. Cabhróidh sé sin leat na nithe a oibríonn go maith a aithint mar aon leis na dúshláin a bhaineann le gach gné.
4. Déan nóta de na hathruithe is mian leat a dhéanamh.
5. Tar éis duit an Uirlis Féinmheastóireachta a úsáid, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach féachaint ar na rannáin, *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas agus Acmhainní le comhroinnt* ar aistearsiolta.ie.
6. Is féidir an Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta sa rannán, *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid chun cabhrú leat pleanáil a dhéanamh d'athruithe sonracha atá beartaithe agat.

Gné 1: Caidrimh a chothú

Agus caidrimh á dtógáil sa suíomh,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
6 bíonn meas againn ar rogha naíonáin nó lapadáin bheith ag súgradh leis/léi féin nó in éineacht le naíonáin eile , agus tugaimid spreagadh do lapadáin níos sine agus iad ag tosú a shúgradh le chéile .					
7 aithnímid cumais, riachtanais, réimsí spéise, gnáthaimh agus sealúchais speisialta an pháiste aonair agus bíonn meas againn orthu, agus ligimid do naíonáin agus do lapadáin a bheith páirteach i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu amhail na daoine lena mbíonn siad ag spraoi agus na rudaí is mian leo a thaiscéaladh.					
8 bíonn meas againn ar leideanna neamhbhriathartha a dtéimid i dtaithí orthu agus a bhfreagraímid dóibh amhail comharthaí, gothaí gnúise, luailí coirp, fuaimeanna, caoineadh, tadhall, agus féachaint sna súile.					
9 féachaimid sna súile ar naíonáin agus ar lapadáin i rith na n-idirghníomhaíochtaí, ach cuimhnímid nach ndéantar amhlaidh i gcultúir áirithe.					
10 bainimid úsáid uaireanta as áiseanna amhairc amhail pictiúir, nithe, lipéid agus dathanna i gcomhar le focail chun cumarsáid a dhéanamh le naíonáin agus le lapadáin.					
11 úsáidimid an gnáthamh laethúil agus gnáthaimh chúraim chun idirghníomhú le naíonáin agus le lapadáin ar bhealach measúil, comhsheasmhach agus iomchuí. Mar shampla, bímid ag caint leo agus an clúidín á athrú, agus úsáidimid amhráin agus focail óna dtimpeallacht bhaile agus ón suíomh ar aon.					

Gné 1: Caidrimh a chothú

	Agus caidrimh á dtógáil sa suíomh,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
12	foghlaímimid agus úsáidimid roinnt focal ó thimpeallacht bhaile an linbh chun an naíonán nó an lapadán a chur ar a s(h)uaimhneas nó ar a c(h)ompord. Mar shampla, tuigimid na focail a bhíonn in úsáid ag an leanbh le haghaidh rudaí laethúla agus freagraímid dóibh.					
13	bímid páirteach le naíonáin agus le lapadáin agus iad ag súgradh , leanaimid a sampla, agus déanaimid a n-eispéireas súgartha a fhairsingiú chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt, mar shampla, an claonadh atá ann an deis a thapú, gníomhú de réir fiosracha, agus bheith neamhspleách.					
14	roghnaím gníomhaíochtaí faoi stiúir daoine fásta go cúramach lena chinntiú go léiríonn siad réimsí spéise naíonán agus lapadán agus go dtacaíonn siad le gné ar leith dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt amhail a gcumas smaointeoireachta, a gcuimhne agus a samhlaíocht.					
15	tacaím le naíonáin agus le lapadáin i rith tréimhsí scartha, imní nó nuair a bhíonn fadhbanna ann trí shólás a thabhairt dóibh le focail agus le tadhall dearfach, a chabhrú leo teacht aniar a bheith iontu.					
16	spreagaimid do naíonáin agus do lapadáin a mothúcháin a léiriú trí chabhrú leo mothúcháin a ainmniú, mar shampla <i>Feicim go bhfuil fearg ort</i> nó <i>Féach ar an meangadh gáire mór atá ort! Tá an-áthas ort bheith taobh amuigh.</i>					
17	cabhraím le naíonáin agus le lapadáin scileanna teanga, scileanna éisteachta agus scileanna smaointeoireachta a fhorbairt trí eispéiris agus gnáthaimh laethúla a úsáid chun labhairt leo faoina bhfuil ag tarlú thart timpeall orthu.					

Gné 1: Caidrimh a chothú

	Agus caidrimh á dtógáil sa suíomh,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
18	aithnímid agus spreagaimid scileanna réitigh fadhbanna naíonán agus lapadán trí thrácht ar a bhfuil ag tarlú, mar shampla <i>Ó, feicim go bhfuil do mhuinchille craptha suas agat chun spraoi leis an uisce. An féidir leat cabhrú liomsa mo chuid muinchillí a chrapadh, más é do thoil é?</i>					
19	spreagaimid naíonáin agus lapadáin chun triail a bhaint as rudaí nua agus aithnímid a ndianseasmhacht trí aiseolas neamhbhriathartha agus briathartha a thabhairt, mar shampla buailimid bos nuair a dhéanann siad iarracht seasamh suas, gríosaímid iad nuair a dhéanann siad iarracht a lámh a shíneadh amach chun breith ar rud atá beagán rófhada uathu.					
20	atreisímid iompraíocht dhearfach trí fhreagairt le gníomhartha dearfacha agus le focail dhearfacha, mar shampla <i>Go raibh maith agat as do bhloic a roinnt le Seosamh.</i>					
21	úsáidimid ráitis sa chéad phearsa chun díriú ar fhadhb seachas ar an naíonán nó ar an lapadán, mar shampla <i>Tá imní orm go mbeidh sibh gortaithe má bhíonn sibh ag brú a chéile.</i>					
22	tacaímid le lapadáin trí shampla-aithris agus trí theachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha a thabhairt maidir le hiompar a nglactar leis go sóisialta , ach ionchas réalaíoch a bheith ann maidir lena gcéim forbartha.					
23	tugaimid eiseamláir de theanga mheasúil do naíonáin agus do lapadáin agus muid ag idirghníomhú leo féin, lena dtuismitheoirí agus le daoine fásta eile trí <i>más é do thoil é, go raibh maith agat agus gabh mo leithscéal a rá.</i>					

Gné 1: Caidrimh a chothú

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le caidrimh a thógáil le naíonáin agus le lapadáin.
- Smaoinigh ar na **dúshláin** a bhí romhat agus caidrimh á dtógáil le naíonáin agus le lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir leat úsáid a bhaint as *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus as *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* atá le fáil sa Treoir Chleachtais chun cabhrú leat an obair sin a phleanáil.

Ainm an
Chleachtóra

Dáta

LL/MM/BB

Gné 2: An fhoghlaim a éascú

Tríd an bhfoghlaim a éascú, cuirtear ar chumas naíonán agus lapadán a bhfoghlaim féin a threorú leo féin nó le daoine eile. Baineann an t-éascú freisin le ról a thabhairt dóibh chun roghanna agus cinntí a ghlacadh agus ligean dóibh mothú go bhfuil siad i gceannas. Nuair a thugann leanaí a ndúshláin féin trí ghníomhaíochtaí féintionscanta agus nuair a chuireann siad leis an eolas, an tuiscint agus na scileanna atá acu cheana féin, is taithí thaitneamhach, spreagúil agus thairbhiúil atá san fhoghlaim.

Agus foghlaim naíonán agus lapadán á héascú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
1 coinnimid an méid aistrithe chomh híseal agus is féidir i rith an lae. Coinnímid leanaí ar an eolas agus tacaímid leo roimh aistrithe riachtanacha agus lena linn, mar shampla croithimid slán leo nó inseoimid céard atá le tarlú, agus tugaimid cabhair bhreise dóibh siúd a mbíonn aistrithe deacair orthu nó a gcuireann aistrithe isteach orthu.					
2 cinntimid go ndírítear ar eispéiris féintionscanta gach lá, agus is féidir cur leo sin chun smaointeoireacht naíonán agus lapadán a cheistiú nó chun ról a thabhairt dóibh maidir le scileanna nua a fhorbairt agus a samhlaíocht a fhorbairt.					
3 is mór againn tuairimí naíonán agus lapadán: tugaimid ról dóibh sa chinnteoireacht agus bíonn meas againn ar a roghanna , mar shampla, cén scéal ar mhaith leo a chloisteáil.					
4 soláthraímid roghanna do naíonáin agus do lapadáin i rith an lae ag cur in oiriúint gníomhaíochtaí a roghnaíonn siad, chun freastal ar chumais agus ar riachtanais éagsúla agus cabhraímid le gach leanbh dul chun cinn a dhéanamh ina c(h)uid foghlama agus forbartha féin.					
5 samhlaímid naíonáin agus lapadáin bheith cumasach agus inniúil, agus spreagaimid iad chun rudaí a dhéanamh astu féin amhail ithe, gléasadh, rudaí a thógáil le súgradh leo, agus tugaimid am dóibh le taispeáint dúinn nó le cur cíos a dhéanamh ar an rud a bhíonn ar siúl acu nó ina n-intinn acu.					

Gné 2: An fhoghlaim a éascú

	Agus foghlaim naíonán agus lapadán á héascú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
6	spreagaimid naíonáin agus lapadáin chun páirt a ghlacadh i gcomhráite maidir lena bhfuil ar siúl acu agus ina n-intinn acu, mar shampla iarraidimid orthu a smaointe maidir le scéalta a chomhroinnt agus úsáidimid ceisteanna ceannoscailte chun cabhrú leo a machnamh a shoiléiriú.					
7	cabhraímid le naíonáin agus le lapadáin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí thacú leo idirghníomhú agus cumarsáid a dhéanamh ina mbealach féin trí theicneolaíocht oiriúnaitheach a úsáid más gá.					
8	stadaimid chun smaoineamh lena chinntiú go mbímid tuisceanach agus muid ag súgradh agus ag idirghníomhú le naíonáin agus le lapadáin. Uaireanta, b'fhéidir gurbh fhearr fanacht agus roinnt am breise a thabhairt roimh pháirt a ghlacadh ann.					
9	éascaímid taiscéaladh agus smaointeoireacht naíonán agus lapadán trí ghníomhú mar bhonn slán agus iad ag fiosrú rudaí nua nó ag bualadh le daoine nua.					
10	féachaimid ar na rudaí a gcuireann naíonáin agus lapadáin spéis iontu, ainmnímid iad agus déanaimid cur síos ar a dtarlaíonn, cuirimid acmhainní nua ar fáil , agus molaimid nó taispeánaimid bealaí nua chun rudaí a dhéanamh.					
11	spreagaimid naíonáin agus lapadáin chun cabhrú lena chéile i rith gníomhaíochtaí, ainmneacha a chéile a úsáid nuair a dhéanaimid cur síos ar cé atá i láthair agus ar a bhfuil ar siúl ag daoine eile.					

Gné 2: An fhoghlaim a éascú

	Agus foghlaim naíonán agus lapadán á héascú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
12	táimid feasach ar fhéiniúlacht forbraíochta naíonán agus lapadáin ag an gcéim luath seo agus spreagaimid buachailí agus cailíní chun raon leathan topaicí agus gníomhaíochtaí a fhiosrú ag seachaint steiréitíopaí inscní.					
13	cuirimid síos ar na meonta, na scileanna agus na láidreachtaí a fheicimid i ngach naíonán agus lapadán chun cabhrú leis/léi tosú a aithint éagsúlacht agus gnóthachtáil phearsanta agus a léiriú measa orthu.					
14	cothaímid inniúlachtaí sóisialta agus mothúchána a thagann chun cinn , mar shampla, deirimid le naíonáin agus le lapadáin gur mór an chabhair iad, agus léirimid agus spreagaimid comhbhá nuair a bhíonn leanbh trína chéile.					
15	cinntimid go bhfuil go leor acmhainní ann ionas nach mbíonn naíonáin agus lapadáin ag fanacht rófhada chun a seal a fháil le rud ar leith agus soláthraímid rudaí eile sa chás go mbíonn fadhbanna ann, go háirithe le naíonáin agus le lapadáin óga.					
16	cruthaímid deiseanna agus spreagaimid naíonáin agus lapadáin chun a gcuid scéalta agus smaointe a chomhroinnt le daoine eile i rith ghnáthamh an lae agus cuirimid tacaíocht teanga ar fáil más gá.					
17	spreagaimid naíonáin agus lapadáin chun cumarsáid a dhéanamh i rith an lae le gothaí, fuaimeanna, focail, abairtí, pictiúir nó trí mharcanna a tharraingt, agus ligimid dóibh roghnú.					

Gné 2: An fhoghlaim a éascú

Agus foghlaim naíonán agus lapadán á héascú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
18 úsáidimid pictiúir agus marcanna naíonán agus lapadán chun comhrá breise a spreagadh leo. Iarraimid orthu agus spreagaimid iad chun a n-eispéiris a chomhroinnt agus a samhlaíocht a fhorbairt.					
19 tuigimid go maith gur tábhachtach an rud é spreagadh a thabhairt do leanaí bród a bheith acu chun an Ghaeilge agus oidhreacht na nGaeltachtaí a chaomhnú.					

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le foghlaim a éascú le naíonáin agus le lapadáin.
- Smaoinigh ar na **dúshláin** a bhí romhat agus foghlaim á héascú le naíonáin agus le lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir leat úsáid a bhaint as *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus as *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* atá le fáil sa Treoir Chleachtais chun cabhrú leat an obair sin a phleanáil.

Ainm an
Chleachtóra

Dáta

LL/MM/BB

Gné 3: An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

Is é atá i gceist leis an bhfoghlaim a stiúradh agus a threorú cabhrú le naíonáin agus le lapadáin foghlaim trí ghníomhaíochtaí pleanáilte agus treoraithe ina gcuirtear lena réimsí spéise agus ina ndírítear ar mheonta, luachanna agus dearcthaí, scileanna, eolas, agus tuiscint a fhorbairt.

Agus an fhoghlaim á stiúradh agus á treorú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
1 cuirimid ceisteanna chun ábhair nua a chur i láthair agus na réimsí a gcuireann naíonáin agus lapadáin spéis iontu a fhairsingiú , mar shampla <i>Feicim go bhfuil tú ag féachaint ar Shorcha ag súgradh leis an uisce. Ar mhaith leatsa súgradh leis an uisce freisin?</i>					
2 pleanáilimid eispéiris foghlama ina gcuirtear lena bhfuil ar eolas cheana ag naíonáin agus ag lapadáin, rud a spreagann iad chun a gcumhne a úsáid, mar shampla cuirimid ábhair nua leis an súgradh le huisce amhail spúnse, dathúchán bia, nó bolgáin.					
3 treoraímid gníomhaíochtaí inar gá sealaíocht a dhéanamh agus léirímid an múnla sin inar gcleachtas. Cinntímid, ag brath ar aois na naíonán agus na lapadán, go bhfuil an tréimhse feithimh chun a seal a chaitheamh oiriúnach chun a n-aird a choinneáil.					
4 cuirimid foghlaim nua i láthair trí eispéiris theagmhálacha le rudaí nithiúla ionas gur féidir le naíonáin agus le lapadáin iad sin a thaiscéaladh agus smaointe agus smaointeoireacht nua a chruthú bunaithe ar a bhfiosrúcháin.					
5 cuirimid focail agus nathanna cainte nua i láthair ar bhealach spraíúil neamhfhoirmeálta le leabhair, rudaí, ranna, gníomh-amhráin, cluichí agus súgradh, agus cuirimid deiseanna ar fáil chun na focail sin a úsáid go rialta chun go dtuigfidh naíonáin agus lapadáin iad.					

Gné 3: An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

Agus an fhoghlaim á stiúradh agus á treorú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
6 léirímid fuaimniú ceart focal le haghaidh naíonán agus lapadán trí na focail a rá mar is ceart seachas bheith ag rá le leanaí go bhfuil siad féin mícheart, mar shampla <i>búnóg? Cinnte, seo duit spúnóg.</i>					
7 treoraímid comhráite agus gníomhaíochtaí le lapadáin níos sine chun feasacht a mhúscailt ar an éagsúlacht agus chun meas a chothú ina leith , mar shampla úsáidimid leabhair, bréagáin agus rudaí eile ina léirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, nó leanaí a bhaineann le cúlraí nó le cultúir éagsúla.					
8 úsáidimid gníomhaíochtaí, pictiúir agus gothaí chun cabhrú le naíonáin agus le lapadáin tuiscint a fháil agus muid ag míniú dóibh céard a tharlóidh i rith gníomhaíochtaí pleanáilte.					
9 léirímid smaointeoireacht os ard agus roghanna nó cinntí á ndéanamh chun taispeáint do naíonáin agus do lapadáin an chúis atá le gníomhaíochtaí nó le gothaí, mar shampla <i>Féach ar an ngríán ag taitneamh, meas tú ar cheart dúinn an lón a ithe amuigh faoin ngríán inniu?</i>					
10 úsáidimid teanga dhearfach i dteannta treoracha a léiriú, mar shampla <i>Tógaimis go réidh é leis na lámha in ionad Ná gortaígi a chéile.</i>					

Gné 3: An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir leis an bhfoghlaim a stiúradh agus a threorú le naíonáin agus le lapadáin.
- Smaoinigh ar na **dúshláin** a bhí romhat agus an fhoghlaim á stiúradh agus á treorú le naíonáin agus le lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir leat úsáid a bhaint as *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus as *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* atá le fáil sa Treoir Chleachtas chun cabhrú leat an obair sin a phleanáil.